Comhairle Contae County Council

# Treoirlínte maidir le Bileoga agus Póstaeir a chur ar Taispeáint i Leabharlanna dlrd

Is de rogha an Leabharlannaí Brainse an t-ábhar go léir a iarrtar a chrochadh sa leabharlann a chur ar taispeáint ann.

Féadfar fógraí a chur ar taispeáint go ceann coicíse san iarraidh, ach b'fhéidir go mbainfear anuas níos túisce iad má bhíonn an spás ag teastáil.

Caithfear gach póstaer agus fógra, agus iad clóscríofa nó priontáilte, a chrochadh ar chláir fógraí leabharlainne.

**Tabharfar tús áite dóibh seo:**

- Eolas faoi Leabharlanna dlrd
- Eolas faoi Chomhairle Contae dlrd
- Eolas ón Rialtas, lena n-áirítear ábhar a bhfuil dualgas reachtúil ar na leabharlanna é a chur ar taispeáint
- Eolas áitiúil (i.e. limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin) lena n-áirítear imeachtaí, siamsaíocht, cúrsaí agus ranganna
- Eolas ó eagraíochtaí náisiúnta
- Eolas ó eagraíochtaí neamhthráchtála mar shampla ábhar ó charthanais agus ó eagraíochtaí deonacha agus seachbhrabúsacha

**Ní chuirimid iad seo a leanas ar taispeáint:**

- Aon phóstaer níos mó ná A4
- Ábhar bainteach le páirtithe polaitíochta nó le reiligiúin
- Aon ábhar ina spreagtar idirdhealú ar na forais seo a leanas – cine, inscne, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas nó gur Duine den Lucht Siúil duine
- Bileoga nó fógraí pearsanta faoi earraí nó seirbhísí a bheith ar díol e.g. feighlíocht leanaí, árasáin ar cíos
- Boscaí bailiúcháin airgid nó achainíocha

Ní dhéanann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ní ar bith a bhíonn ar taispeáint ar chláir fógraí leabharlainne a fhormhuiniú ná a ráthú. Is faoin Leabharlannaí Brainse a bhíonn sé an cinneadh deiridh a ghlacadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir aon fhógra a chur ar taispeáint.